Glór Cheatharlach

Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:
Glór Cheatharlach, Sráid an Choláiste, Ceatharlach
(059) 9158105 / (085) 1340047
eolas@glorcheatharlach.ie www.glorcheatharlach.ie
Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!

Ciorcail Ghaeilge na seachtaine

Tá na ciorcail Ghaeilge do dhaoine fásta a bhíonn ag lorg deiseanna chun an teanga a úsáid agus a chleachtadh ag dul ar aghaidh go rathúil i gCeatharlach. Bíonn cupán tae agus fáilte roimh chách ag an gciorcal comhrá "Is Leor Beirt" gach maidin Céadaoin ó 10.30-11.30r.n. i Músaem Chontae Cheatharlach ar Shráid an Choláiste.
Beidh fáilte chomh maith ag Gaeilge le Chéile na míosa ar an Déardaoin, 7ú Bealtaine i dTigh Reddy, Sráid na Tulaí. Is ansin a thagann daoine le chéile ar an gcéad Déardaoin de gach mí ag 9.00i.n. chun taitneamh a bhaint as caint, comhrá agus comhluadar trí Ghaeilge agus cuirtear fíorchaoin fáilte roimh dhaoine nua i gcónaí. Is deiseanna iontacha iad na ciorcail seo chun an Ghaeilge a labhairt go sóisialta agus chun aithne a chur ar chainteoirí Gaeilge eile sa cheantar. Beidh fáilte faoi leith roimh fhoghlaimeoirí atá díreach tar éis cúrsaí Gaeilge a chríochnú agus tabharfar gach seans dóibh an teanga a chleachtadh i dtimpeallacht chompordach.

Gluais:	Glossary:
deiseanna	opportunities
rathúil	successful
taitneamh	enjoyment
deiseanna	opportunities
timpeallacht	environment
foghlaimeoirí	learners
sóisialta	socially
cleachtadh	practise

An Bochtanas in Éirinn

Tá sé de cheart ag gach duine dínit a bheith acu. Muna bhfuil bia, uisce, sábháilteacht, leigheas agus oideachas agat, is duine gan dídean thú. Sa lá atá inniu ann, tá os cionn 5,000 duine gan dídean in Éirinn agus tá an figiúr seo ag fás go tapa. Tá fadhbanna sláinte le alcól agus drugaí san áireamh ag níos mó ná 90% acu. Tá meabhairshláinte ag cur isteach ar 50% díobh. Ar an meán, faigheann daoine gan dídean bás ag aois 42. Tá lear mór comhlachtaí agus trustaí ann a chabhraíonn le daoine gan dídean in Éirinn. Mar shampla, tá an Trusta Peter Mc Verry, Focus Ireland agus Clann Shíomóin. Is féidir le daoine gan dídean dul go dtí ceann de na trustaí seo chun cabhair agus comhairle a fháil.
Rugadh an tAthair Mc Verry sa bhliain 1944. Sa bhliain 1979 d'oscail sé brú darbh ainm Trusta Peter Mc Verry do bhuachaillí gan dídean. Inniu, tá méid ollmhór arasáin timpeall chathair Bhaile Átha Cliath ag an trusta seo do bhuachaillí gan dídean. Cuireann an trusta seo cúrsaí oideachais agus cúrsaí di-andúilithe ar fáil do bhuachaillí gan dídean.
Bhí an-chuid conspóide sa nuacht le déanaí faoi fhear darbh ainm Jonathan Corrie. Duine gan dídean ab ea é agus fuair sé bás taobh amuigh d'fhoirgneamh i lár chathair Bhaile Átha Cliath. Bhí fadhb aige le drugaí agus ní raibh deis aige an fhadhb sin a réiteach. Fuair sé bás ar an gcéad lá de mhí na Nollag 2014.
Níl sé ceart go bhfuil rudaí uafásacha mar seo ag tarlú inár dtír. Caithfimidne, mar shaoránaigh d'Éirinn, a bheith níos smaointí faoi na rudaí uafásacha, cosúil le cás Jonathan Corrie, a bhfuil ag tarlú os comhair ár súile. Ceapaim go gcaithfidh na ceannairí stáit rud éigin a dhéanamh sara mbeidh sé ró-dhéanach.
Tá an aiste seo scríofa ag Anna Ní Dhubhchonna, Gaelcholáiste Cheatharlach.

Gluais:	Glossary:
bochtanas	poverty
dídean	homeless
leigheas	medicine
meabhair shláinte	mental health
brú	hostel
arásaín	flats
andúilithe	addiction
conspóid	controversy
saoránaigh	citizens

Glór Cheatharlach ag ceiliúradh gradaim Ghlór na nGael

Gradaim Ghlór na nGael do Cheatharlach

Bronnadh níos mó ná €120,000 i nduaiseanna ag ócáid bhliantúil Gradaim Ghlór na nGael i gCaisleán Bhaile an Bharbaigh, Cill Dara le déanaí. Bhailigh 350 duine le chéile don oíche chéiliúrtha agus i láthair bhí aíonna agus ionadaithe ó choistí pobail áitiúla ó cheann ceann na tíre, maraon le mic léinn ó Chumainn Ghaeilge na n-institiúidí tríú leibhéal ó thuaidh agus ó dheas.
Bhí muintir Cheatharlach ag ceiliúradh ag an ócáid agus dhá chúis mhaith acu. Bronnadh an tríú duais sa rannóg do phobail le daonra níos mó ná 10,000 duine ar Ghlór Cheatharlach chomh maith le seic ar luach €3,000. Moladh an coiste as clár leathan imeachtaí a eagrú ó cheann ceann na bliana chun an Ghaeilge a chur chun cinn agus a threisiú i measc an phobail.
Bhí cúis cheiliúrtha eile ag Ceatharlach nuair a bronnadh teastas aitheantais ar Mhúsaem an Chontae as an méid atá á dhéanamh ann chun tacú leis an nGaeilge ina measc comharthaíocht, painéil eolais, foilseacháin agus bróisiúir dhátheangach nó go hiomlán as Gaeilge.Tugadh aitheantas faoi leith don taispeántas ar Stair na Gaeilge i gCeatharlach le 100 bliain anuas atá sa mhúsaem le bliain anuas gan trácht ar an gciorcal comhrá Gaeilge a bhíonn ar siúl ann gach maidin Céadaoin.
Gabhann Glór Cheatharlach buíochas leis an bpobal uile as gach tacaíocht d'imeachtaí na Gaeilge bliain i ndiaidh bliana.

Seán Mac Diarmada agus Diarmaid Ó Maolagáin leis na teastais a bronnadh ar Mhúsaem Chontae Cheatharlach

Gluais:	Glossary:
gradaim	awards
duaiseanna	prizes
aíonna	guests
ionadaithe	representatives
comharthaíocht	signage
foilseacháin	publications
go mórmhór	especially
teastas	certificate
aitheantais	recognition
tacaíocht	support

Mí Bealtaine agus tús an tSamhraidh

Tá Mí na Bealtaine buailte linn agus aimsir álainn ghrianmhar ar an slí.Tá súil againn go bhfuil laethanta dorcha an gheimhridh taobh thiar dínn agus laethanta fada an tsamhraidh ag síneadh amach ós ár gcomhair.
Mí an-shuntasach i bhféilire na gceilteach ab ea Mí na Bealtaine. Roinn na ceiltigh an bhliain ina dhá chuid – an leath dorcha agus an leath geal. Cosúil le ciníocha eile, thosaigh an bhliain leis an tráth dorcha. Mar sin, chuir Oíche Shamhna tús leis an leath dorcha agus Oíche Bhealtaine tús leis an leath geal agus ba dhátaí fíor thábhachtach i mbliain na gceilteach iad Samhain agus Bealtaine. Buailtear leis an dá thréimhse céanna sin ins na scéalta fiannaíochta chomh maith mar bhíodh Fianna Éireann ina gcampaí ó Shamhain go Bealtaine agus ag seilg amuigh faoin spéir ó Bhealtaine go Samhain.
Bhí mórán nósanna ag baint le Mí na Bealtaine sa bhliain cheilteach, ní nach ionadh, agus tá cuid acu ann fós. I dtús báire, cuireann Bealtaine fáilte roimh shéasúr an tsamhraidh. Tagann fás agus borradh faoin dúlra i ndiaidh codhladh an gheimhridh. Tagann duilleoga agus bachlóga úra ar ghéaga loma na gcrann agus ins na páirceanna bíonn bláthanna fiáine mar an lus buí bealtaine, cam an ime, bainne bó bleachtain agus an sabhaircín le feiceáil go flúirseach. Agus is iontach an radharc an sceach gheal faoi bhláth ar na claíocha. Bhíodh baint faoi leith ag an gcrann áirithe seo le gnásanna agus nósanna na Bealtaine. Cuirtí craobhacha maisithe os comhair an dorais mar chomhartha go raibh dúluachair an gheimhridh thart agus torthúlacht an tsamhraidh i réim arís.
Bhíodh sé de nós ag daoine dul isteach ins na coillte chun craobhacha caorthainne agus bláthanna fiáine a bhreith abhaile leo chuig a dtithe chun altóir na Bealtaine a mhaisiú. Bhíodh Amhrán na Bealtaine á chasadh acu ag filleadh abhaile dóibh:
"Samhradh, samhradh bainne na ngamhna,
Thugamar féin an samhradh linn,
Samhradh buí na nóiníní gléigeal,
Thugamar féin an samhradh linn".

Sceach Gheal an tSamhraidh